Caoimhín Ó Danachair
(1913 - 2002)



An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Caoimhín Ó Danachair (1913-2002)

I mí Eanáir 1985, go luath i ndiaidh dó dul ar scor ó Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, bhronn Caoimhín Ó Danachair — nó Kevin Danaher, mar a ghlaoití air ní ba mhinice — an bailiúchán ollmhór grianghraf a thiomairg sé ar an Roinn. Is cuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath anois iad, in éineacht leis an gcartlann mhór traidisiún a thiomairg Coimisiún Béaloideasa Éireann (1935-70), a raibh Caoimhín mar bhall foirne ann ó luathbhlianta na heagraíochta.

I 1934, thosaigh sé ag bailiú béaloidis ina bhaile dúchais, Áth an tSléibhe, Co. Luimnigh ar son Institiúid Bhéaloideas Éireann (1930-35) agus i 1935, nuair a bhí sé fós ina mhac léinn sa tseandálaíocht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, mhol bainisteoir Árd-Mhúsaem na hÉireann, Adolf Mahr, go rachadh sé in éineacht leis an eitneolaí aitheanta Sualannach Åke Campbell ar thuras páirce go Gaillimh agus Maigh Eo. Chuir an Coimisiún cuireadh chuig Campbell agus Sualannach eile, Albert Nilsson, obair pháirce a dhéanamh in Éirinn samhradh na bliana sin. Cuid de straitéis an Choimisiúin a bhí i gceist leis seo, le hoiliúint a chur ar bhaill foirne an Choimisiúin sna modhanna a bhí forbartha ag béaloideasóirí Sualannacha don obair pháirce, cartlannaíocht agus rangúchán. Bhí tionchar mór aige seo ar ghairmréim Chaoimhín, a dhírigh mórchuid dá thaighde ar an ailtireacht dhúchasach, ábhar a raibh Campbell ina scothscoláire ann.



Figiúr 1: An bailitheoir Seosamh Ó Dálaigh (ar chlé) agus Caoimhín Ó Danachair, ag iompar cinecheamara Kodak 16mm agus seastán teileascóipeach, Dún Chaoin, Co. Chiarraí, 1946. Rinne Caoimhín grianghraif a ghlacadh agus taifead a dhéanamh den scéalaí iomráiteach Peig Sayers ar an turas páirce seo.

Tar éis do Chaoimhín céim BA a bhaint amach i 1937, chaith sé tréimhse mar scoláire Humboldt in ollscoileanna Beirlín agus Leipzig, áiteanna a bhfuair sé tuiscint ní ba dhoimhne ar na hábhair ghaolmhara sin, an béaloideas agus cultúr ábharach na ndaoine. Bhí air filleadh abhaile i 1939, áfach, nuair a tosaíodh ag ullmhú do chogadh san Eoraip.

Ceapadh é mar 'shaineolaí ar an gcultúr ábhartha' ag Coimisiún Béaloideasa Éireann i 1940, ach cuireadh isteach ar an gceapachán nuair a glaodh air séirbhís a dhéanamh in arm na hÉireann, áit ar chaith sé an chéad cúig bliana eile mar theagascóir airtléire i nBeairic an Churraigh. D'éirigh leis, i rith bhlianta an chogaidh, taighde a dhéanamh agus a thráchtas MA a scríobh ar ailtireacht dhúchasach na hÉireann. Nuair a tháinig críoch leis an gcogadh, d'fhill sé ar an gCoimisiún agus i 1946 chuir sé tús le clár de dhianbhailiú páirce agus grianghrafadóireachta a thóg chuig go leor ceantar in Éirinn é, ag bailiú ó chainteoirí, amhránaithe agus ceoltóirí, go háirithe i gceantair Ghaeltachta in iarthar agus i ndeisceart na tíre.

Figiúr 2: Íomhá ón tsraith grianghraf de shráidbhaile Ráth Naoi, contae Chill Mhantáin, a ghlac Caoimhín Ó Danachair i 1935 (féach anseo le haghaidh tuilleadh grianghraf).

Léirigh Ó Danachair scil theicniúil iontach go luath ina ghairmréim, agus mhéadaigh sé ar na gnéithe seo thar bhlianta an chogaidh. Sular tháinig gléasanna taifeadta na dtéipeanna maighnéideacha spóil i bhfeidhm, thug sé faoi thaifeadadh fuaime a dhéanamh, ag baint leas as

réimse meán a raibh deacrachtaí teicniúla i gceist leo, ar nós dioscaí gramafóin agus laicir. Bhí scil faoi leith aige leis an ngrianghrafadóireacht áfach; bhí dúil ag a athair, William Danaher, sa ghrianghrafadóireacht chomh maith, agus chuir seisean bailiúchán iontach d'íomhánna ar phlátaí gloine le chéile den saol ar fheirm teaghlaigh i Ráth Caola idir na blianta 1904-1932. Thosaigh Ó Danachair ag baint leas as na scileanna a bhí aige sa ghriangrafadóireacht chomh luath le 1935, nuair a thiomsaigh sé taifead físúil den sráidbhaile ársa i Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin, agus d'fhoilsigh sé cuntas gairid dá ghrinnscrúdú ar leagan amach an tsráidbhaile agus déantús na dtithe i m*Béaloideas,* iris bhliantúil an Chumainn le Béaloideas Éireann.

Ag scríobh dó i 1977, mhínigh Caoimhín go beacht an chuspóir a bhain le "corpas d'amharcábhar" a chruthú i gcomhthéacs obair an Choimisiúin agus a gcomharbaí:

1. Le gnéithe físiúla an traidisiúin a chaomhnú
2. Le léaráidí a chur ar fáil don ábhar fuaime agus don ábhar scríofa
3. Le hábhar teagaisc a chur ar fáil

Grianghraif a bhí i gceist leis an amharcábhar seo ar an gcéad dul síos, ach léaráidí agus meán cineamatragrafach a bhí i gceist chomh maith. D'aithin sé go raibh tábhacht ar leith le tréshoilseáin scannánaíochta mar mheán le gnéithe dúchasacha agus portráidí de dhaoine a ghlacadh, ach luaigh sé go doilíosach go raibh drogall ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh sa ghrianghrafadóireacht dhaite ó 1951 ar aghaidh, de bharr an chostais a bhain léi. Mar thoradh air seo, tá mórchuid den 20,000+ grianghraf a ghlac sé ina gclaonchlónna dubha agus bána. Bhain Ó Danachair dea-leas as an trealamh a raibh fáil aige air ag an am sin, áfach. Don chuid is mó dá ghairmréim, is iad na ceamaraí a bhí in úsáid aige mar chuid den obair pháirce ná Hasselblad leathanfhormáide agus SLR Leica 35mm luachmhar a cheannaigh sé nuair a bhí sé sa Ghearmáin sna 1930idí déanacha. Bhaineadh sé an-úsáid as an dá cheamara, ach bhí an Leica beag go hiontach le gar-amhairc a ghlacadh de ghnéithe ar leith, ar nós struchtúir inmhéanacha dín agus gnéithe tógála eile. Cé go raibh súil ghéar aige ar an tírdhreach cultúrtha i gcónaí, bhí sé an-chúramach le portráidí a ghlacadh de scéalaithe nótálta agus na faisnéiseoirí eile a ndearna sé taifead orthu sa tréimhse 1946-1955.

Gné shainiúil amháin den bhailiúchán a d'fhág sé againn ná an spéis sheasamhach a bhí aige san ailtireacht dhúchasach. Glacadh an-chuid de na grianghraif seo nuair a bhí seanfhoirmeacha dúchasacha fós le feiceáil — ón teach mór ceanntuí a bhíodh ag an bhfeirmeoir téagartha go dtí an bothán scóir, an teach fíorbheag d'aon seomra amháin a bhíodh ag an oibrí feirme. Rinne sé grinnthaifead ar sheanmhodhanna ársa tógála — ar nós tithe a bhí tógtha leath-faoi-thalamh nó

déanta de bhallaí fóid. Rinne sé iarracht chomh maith íomhánna a ghlacadh de sheanmhodhanna feirmeoireachta agus ceardaíochta dúchasaí, cosúil lena shraith theagascúil de Nicholas Hilliard, déantóir ciseán, agus é ag cruthú ciseán de mheascán d'adhmad scoilte agus slait shailí i 1950; an potadóir clúiteach Paddy Murphy ó Dhroichead Carley, Co. Loch Garman i mbun oibre i 1947; nó an tsraith álainn íomhánna de bhean as Dún Chaoin ag déanamh císte aráin, sraith a glacadh sa bhliain chéanna. Is féidir teacht ar bhreis is 3,000 grianghraf dá chuid ar www.dúchas.ie agus mar chuid den bhéim seo atá á leagan againn ar a chuid oibre, rinneadh digitiú ar 200 íomhá sa bhreis le cur leis an suíomh.

Ina chuid scríbhneoireachta agus i dtorthaí a oibre luachmhaire, rinne Caoimhín Ó Danachair gaisce mór ar son Choimisiún Béaloideasa Éireann agus a chomharbaí. Leis an 20,000+ íomhá a ghlac sé le linn dó 50 bliain a chaitheamh ar obair pháirce, ar thaighde, agus le léachtóireacht agus craoltóireacht in Éirinn agus thar lear, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil níos mó déanta ag Ó Danachair i leith taifeadta agus anailíse ar chúltúr ábhartha na hÉireann ná aon scoláire eile sna réimsí seo.

LEABHARLIOSTA ROGHNAITHE

- 'The Questionnaire System', *Béaloideas* 15 (1945), 203-17.
- *Gentle Places and Simple Things* (Cork, 1964), 139pp.
- 'Distribution Patterns in Irish Folk Tradition', *Béaloideas* 33 (1965), 97-113.
- *Folktales of the Irish Countryside* (Cork, 1967), 125pp.
- 'The use of the Spade in Ireland', in Gailey, Alan & Alexander Fenton, (eds.) *The Spade in Northern and Atlantic Europe* (Belfast, 1970), 49-56.
- *The Year in Ireland* (Cork, 1972), 274pp.
- 'Dónaill Ó Conaill i mbéalaibh na ndaoine', *Studia Hibernica* 14 (1973), 40-66.
- 'Some Marriage Customs and their Regional Distribution', *Béaloideas* 42-44 (1974-76), 136-75.
- *Ireland's Vernacular Architecture* (Cork, 1975), 82pp.

EOLAS BEATHAISNÉISEACH

- Lysaght, Patricia, 'In Memoriam: Caoimhín Ó Danachair/Kevin Danaher', *Béaloideas* 70 (2002), 219-22
- Lysaght, Patricia, 'Caoimhín Ó Danachair and his Published Work', *Gold Under the Furze, Studies in Folk Tradition, Presented to Caoimhín Ó Danachair*, (eds.) Alan Gailey & Dáithí Ó hÓgáin (The Glendale Press, Dublin 1982), 12-26.

Mic léinn de chuid Roinn Bhéaloideas Éireann ag déanamh tomhais ar fhothrach tí i gCeathrú na gCloch, Co. Mhaigh Eo (1975) A015.03.00076

Teach Mr. Madigan, An Chrois, Co. an Chláir (1964) A015.19.00774

Tithe ag An Luach, Co. an Chláir (1950) A015.19.00981

Cruach fhéir ag An Port, Co. Dhún na nGall (1949) A015.29.00156

Saor eibhir, Gleann Cuilinn, Co. Bhaile Átha Cliath (1962) A017.06.00004

Deantús dorais chaolaigh, An Gleann Mór, Co. Chiarraí (gan dáta) A017.18.00002

Óg agus aosta, An Gleann Mór, Co. Chiarraí (gan dáta) A017.18.00016

Deantús dorais chaolaigh, An Gleann Mór, Co. Chiarraí (gan dáta) A017.18.00024

Tógáil tithe mar chuid de scéim Ghleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall (1967) A017.29.00002

Taobh istigh de theach, Baile Uí Oghragáin, Co. Chiarraí (1969) A020.18.00011

Taobh istigh de theach Fitz, Gort na gCros, Co. Luimnigh (gan dáta) A026.21.00001

Páistí ag faire, Aillte an Mhothair, Co. an Chláir (1964) A031.19.00007

Lagphortach, Gleann na Muaidhe, Co. Mhaigh Eo (1952). Níor baineadh den lios atá le feiceáil i lár an phortaigh. A060.03.00031

Carn ar thaobh bóthair, Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo (1952) A068.03.00003

Bullán, Inis Cealtra, Co. an Chláir (1972) A060.19.00004

Tobar Naomh Áine, Cluain Tarbh, Co. Bhaile Átha Cliath (gan dáta) F024.06.00003

Tobar beannaithe ag Cluain Eidhneach, Co. Laoise. Íomhá gar-amhairc a thaispeánann ofráileacha móideacha de bhoinn leabaithe i gcrann atá ag fás in aice an tobair (1967) F024.12.00005

Bean cois teallaigh ag Cill Tulach, Co. na Gaillimhe (gan dáta) A021.01.00028

Meigilití, Leaba Molaga, Co. Chorcaí (1953) A060.20.00001

Teach ag Garmna, Co. na Gaillimhe (1962) A015.01.00361